Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2022
(OR. en)

13660/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0318(BUD)

FIN 1091
PE-L 38

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13056/22 (COM(2022) 351 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022: Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin, neartú ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim, coigeartuithe eile agus ar nuashonruithe teicniúla<br>– *Glacadh* |

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach (DBL) Uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 faoi bhráid na Comhairle.

Is é is cuspóir do DBL Uimh. 5/2022 na taobhanna caiteachais agus ioncaim de bhuiséad 2022 a nuashonrú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) maoiniú an Ghnímh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhchoiteann (EDIRPA) chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí cosanta is práinní agus is criticiúla trí chomhar idir na Ballstáit a chothú maidir le soláthar comhchoiteann;

(b) na bearta éigeandála faoi shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair (CMA) a threisiú, d'fhonn aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit tar éis sraith ráigeanna den Fhliú Éanúil Ardphataigineach agus d'Fhiabhras Afracach na Muc;

(c) Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) a thúsualú agus a threisiú, chun leanúint de chúnamh comhchineáil a chur ar fáil don Úcráin. Ina theannta sin, déanfar héileacaptair agus eitleáin éadroma eile a léasú chun ullmhacht an Aontais a mhéadú maidir le haerchomhrac dóiteáin in 2023 agus chun dlús a chur le soláthar acmhainneachtaí buana aeir;

(d) rannchuidiú an Aontais leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) a threisiú chun deacrachtaí oibríochtúla a sheachaint;

(e) caiteachas riaracháin agus pinsin faoi cheannteideal 7 a threisiú mar thoradh ar bhoilsciú ard agus ar phraghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa;

(f) laghdú a dhéanamh ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus do EU4Health;

(g) an méid comhfhreagrach ón gcúlchiste a chur ar ais chuig líne iompair na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, ónar fritháiríodh é, agus an mhoill ar fhormheas sainordaithe nua 'ReFuelEU Aviation' do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) á cur san áireamh;

(h) na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le tionchar na ndifríochtaí sa ráta malairte a ionchorprú,

mar a taifeadadh in 13056/22.

Ar an iomlán, is é glantionchar an DBL seo ar chaiteachas méadú EUR 447.5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (c/a) agus laghdú EUR 741.1 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (p/a).

Is é an tionchar foriomlán ó thaobh ioncaim de glanlaghdú EUR 3 779 milliún ar ranníocaíochtaí OIN.

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad DBL Uimh. 5/2022 ag na cruinnithe a bhí aige ar an 5, 11, 17 agus an 25 Deireadh Fómhair.

Le linn an scrúdaithe sin, d'aithin an Coiste um an mBuiséad nach dócha go nglacfar an bunús dlí do EDIRPA faoi dheireadh na bliana 2022. Dá bhrí sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad gan suim EUR 82.97 milliún atá beartaithe don chlár a chur sa chúlchiste buiséadach le haghaidh leithreasuithe difreáilte.

Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht DBL Uimh. 5/2022 a leasú dá réir, agus suim EUR 82.97 milliún in c/a a bhaint ó DBL Uimh. 5/2022, agus c/a a fhágáil ar leibhéal EUR 364.55 milliún in ionad EUR 447.53 milliún;

Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad moladh sin na hUachtaránachta ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair agus bhí sé in ann glacadh leis.

3. An 14 Samhain 2022, tháinig an Coiste Idir-réitigh, faoi chuimsiú comhaontú maidir le téacs comhpháirteach a bhaineann le buiséad 2023, ar chomhaontú polaitiúil maidir le DBL Uimh. 5/2022, agus ghlac sé le leasú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún[1] de réir mar a mhol an Chomhairle.

4. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2022 gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

[1] 13056/22.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5/2022, mar a leagtar amach i bpointe 2 é, a ghlacadh,

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a leagtar amach in 13661/22 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– i bhfianaise a phráinní atá an scéal, cinneadh a dhéanamh maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 don bhliain airgeadais 2022, a ghlac an Chomhairle an 21 Samhain 2022, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leith.

(Mise le meas).